Eagróidh *Séamus Daltún*, thar ceann Údarás na Gaeltachta, comórtas le duine a mholadh le ceapadh sa phost:

# Eacnamaí, Anailísí Taighde

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do Eacnamaí ar bhunús conradh trí bliana. Faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, táimid ag lorg eacnamaí féinspreagtha, cumasach agus tiomanta chun tacú le Údarás na Gaeltachta in gcuid freagrachtaí sa bpróiseas pleanála teanga. Beidh an ról seo dírithe ar thuairiscí leanúnacha a dhearadh, a bhainistiú agus taighde a chur i láthair mar ionchur luachmhar i ndréachtú polasaithe náisiúnta i leith na pleanála teanga go náisiúnta.**

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíocht ábhartha 3ú Leibhéal (ar a laghad ag Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Taithí gairmiúil ábhartha trí bliana ar laghad agus scileanna láidre anailíse idir cainníochtúil agus cáilíochtúil
- Claonadh i leith na nuálaíochta, sásta foinsí nua eolais a fhorbairt agus thomhas agus taithí cruthanta ar bhogearraí ábhartha cainníochta.
- Tuiscint ghrinn ar staid shochtheangeolaíoch na Gaeltachta agus ar staid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta nó an cumas an tuiscint sin a fháil in achar gearr ama.
- Ardscileanna cumarsáide, tuiscint chuimsitheach ar an nGaeilge agus ardleibhéal inniúlachta i labhairt agus i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cumas labhairt thar cheann na h-eagraíochta nuair gur gá ar mhaithe le taighde ábhartha agus tionchar dá réir a chuimsiú agus a chur i láthair pháirtithe leasmhara agus an pobal.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Príomhoifigeach Cúnta idir €80,668 - €100,530 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh nó in aon oifig do chuid Údarás na Gaeltachta.

Sa chás go dtiocfadh folúntais chun cinn san Eagraíocht le linn shaolré an Oird Fiúntais, forchoimeádann Údarás na Gaeltachta an cead poist den chineáil luaite sa bhfógra seo a thairiscint ar bhonn thorthaí an chomórtais seo. Mairfidh an painéal seo dhá bhliain

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig seamus@daltun.ie

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar an Aoine, 28 Márta 2025.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*